



An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2018/0106(COD)

12460/1/19
REV 1

CODEC 1415	ENFOCUS
FREMP 133	CUSTOM 158
JAI 977	AGRI 449
TELECOM 304	ETS 30
COMPET 642	SERVICES 42
RC 23	TRANS 451
CONSOM 254	FISC 369
DAPIX 269	SAN 405
DATAPROTECT 215	ENV 795
DROIPEN 143	GAF 69
FIN 601	ATO 81
EMPL 478	CYBER 261
MI 663	COPEN 366
PI 131	POLGEN 162
SOC 630	INF 259
	ANIMAUX 18

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 23 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún a thogra¹, bunaithe ar Airteagail 16, 33, 43, 50, 53(1), 62, 91, 100, 103, 109, 114, 168, 169, 192, 207 agus 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 31 den Chonradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom) ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018².

¹ 8713/18.

² IO C 62, 15.2.2019, lch. 155.

3. Ar an 16 Aibreán, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlitheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Parlaimint ceartúchán ar an seasamh sin le linn an tseisiún iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.
4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Parlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtaráin na Comhairle, déanfar é a fhoilsíú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

³ 8487/19.